Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**8196/22**

**INF 58**
**API 28**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Dréacht den fhichiú tuarascáil bhliantúil ón gComhairle ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún |

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL ÓN gCOMHAIRLE**
**MAIDIR LE ROCHTAIN AR DHOICIMÉID - 2021**

## I. RÉAMHRÁ

Is í seo an fichiú tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún[1]. Tarraingíodh suas é de bhun Airteagal 17(1) den Rialachán sin[2]. Sa tuarascáil déantar cur síos ar threochtaí in iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid de chuid na Chomhairle in 2021 agus déantar athbhreithniú inti ar ghearáin chuig an Ombudsman agus ar rialuithe a thug cúirteanna na hEorpa i gcásanna a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin ag na hinstitiúidí.

Na sonraí staidrimh atá mar bhunús don tuarascáil seo, tá siad ar fáil mar shonraí oscailte ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

## II. TRÉDHEARCACHT PHRÓISEAS CINNTEOIREACHTA NA COMHAIRLE LE LINN GHÉARCHÉIM COVID-19


In 2021, bhí gníomhaíochtaí na Chomhairle fós go mór faoi thionchar na n-imthosca eisceachtúla a bhí ann mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19, agus go háirithe na deacrachtaí a bhain le taisteal ar fud na hEorpa i bhfianaise na mbeart coisctheach agus na mbeart imshrianta a ghlac na Ballstáit, chomh maith leis na hoibleagáidí maidir le scaradh fisiciúil. In 2021, rinneadh Cinneadh (AE) 2020/430 maidir le maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a bhí ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19 san Aontas a athnuachan roinnt uaireanta chun cinntí a éascú chun úsáid a bhaint as an ngnáthnós imeachta i scríbhinn chun gníomhartha na Comhairle a ghlacadh. Coinníodh bearta eile freisin chun leanúnachas obair na Comhairle a áirithiú, amhail eagrú físchomhdhálacha neamhfhoirmiúla na n-áirí agus chomhaltaí na meithle nuair ba ghá sin.

[1] IO L 145, 31.5.2001, lch. 43
[2] San alt, foráiltear mar a leanas: '*Foilseoidh gach institiúid tuarascáil go bliantúil maidir leis an mbliain roimhe sin agus áireofar sa tuarascáil sin an líon cásanna inar dhiúltaigh an institiúid rochtain a thabhairt ar dhoiciméid, na cúiseanna leis na diúltuithe sin agus an líon doiciméad íogair nár taifeadadh sa chlár*'.

## III. TRÉDHEARCACHT REACHTACH


Ba í 2021 an chéad bhliain iomlán de chur chuige Coreper maidir le trédhearcacht reachtach a neartú[3].

Go háirithe, i gcomhréir leis an gcur chuige sin, cuireadh toradh deiridh na caibidlíochta tar éis fhormhuiniú Coreper ar fáil don phobal sna 53 chomhad lena mbaineann.




3 9493/20


Initial Council mandates granted in 2021 for trilogues and made public




Mandates public after endorsement by COREPER: 26

Issued as public documents: 22

Initial 4 column tables prepared for negotiating with the Council mandates granted in 2021





4 column table made public: 23

no 4 column table needed*: 23

others: 2

* *Negotiations on a legislative file do not necessarily require the production of a 4 column table. In particular, in 2021, agreement was reached without trilogues, or with urgency for 12 files. In addition, in 2021, in 11 files, the mandate was adopted, but negotiations didn't start before 2022.*





## IV. IARRATAÍ AR ROCHTAIN AR DHOICIMÉID IN 2021

### 1. An clár poiblí

In 2021, tharraing an clár 2.4 % de thrácht láithreán gréasáin na Comhairle. Chuathas i gcomhairle leis breis agus 356 000 uair. I gcás os cionn 308 000 cuairteoir, tháinig 27 % díobh ar an gclár trí innill chuardaigh, 67 % díobh trí nasc díreach agus atreoraíodh 6 % ó shuíomh gréasáin eile. Bhí 32 % de na cuairteoirí lonnaithe sa Bheilg, 8 % sa Ghearmáin, 6 % san Iodáil, 6 % sa Ríocht Aontaithe, agus 5 % sa Fhrainc.

An 31 Nollaig 2021, bhí 460 907 ndoiciméad bunteanga (3 456 130 doiciméad agus gach leagan teanga san áireamh) liostaithe ar an gclár poiblí. As measc líon iomlán na ndoiciméad bunteanga atá liostaithe sa chlár, tá 71.7 % acu (330 434 dhoiciméad) poiblí agus ar fáil lena n-íoslódáil.




Le linn 2021, cuireadh 24 341 dhoiciméad bunteanga leis an gclár, agus tá 73.7 % acu, nó 17 933 dhoiciméad, ar fáil don phobal agus lena n-íoslódáil. In 2021, d'eisigh an Chomhairle 13 535 dhoiciméad a bhí ar fáil don phobal tráth a gcúrsaíocht agus d'eisigh sí 10 551 dhoiciméad LIMITE. Chuir sí leis an gclár 343 dhoiciméad atá ar fáil go páirteach don phobal.


In 2021, rinneadh tagairt do 255 dhoiciméad rúnaicmithe[4] sa chlár agus d'eisigh an Chomhairle 564 dhoiciméad rúnaicmithe nach bhfuil liostaithe sa chlár.

---

[4] Mar a bunaíodh i gCinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

**Doiciméid reachtacha**


Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, cuireadh 3 586 dhoiciméad reachtacha[5] leis an gclár, agus eisíodh 2 259 díobh mar dhoiciméad 'poiblí' tráth a gcúrsaíocht. As measc an 1 327 ndoiciméad reachtacha eile a eisíodh mar dhoiciméid LIMITE (le tagairt sa chlár ach nach bhfuil rochtain dhíreach orthu) cuireadh 839 ndoiciméad ar fáil don phobal arna iarraidh sin. Dá bhrí sin tá 86 % san iomlán de na doiciméid reachtacha a cuireadh leis an gclár in 2021 ar fáil don phobal ina n-iomláine.





5 Mar a fhoráiltear in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, is doiciméid reachtacha iad doiciméid a tarraingíodh suas agus/nó a fuarthas le linn nós imeachta reachtach.

## 2. Iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid

In 2021, fuair an Chomhairle 2 083 iarraidh thosaigh ar rochtain ar dhoiciméid agus 44 iarratas dearbhúcháin[6], rud a d'fhág gur ghá 10 189 ndoiciméad a anailísiú





.





6 I gcás diúltaithe iomláin nó diúltaithe pháirtigh, féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh de 15 lá ón tráth a fhaigheann sé nó sí freagra na hinstitiúide, iarratas dearbhúcháin a dhéanamh á iarraidh ar an institiúid athbhreithniú a dhéanamh ar a seasamh.

Ag an gcéim thosaigh, tugadh rochtain iomlán ar 8 492 doiciméad (83.3 %) agus rochtain pháirteach ar 519 ndoiciméad (5 %). Diúltaíodh rochtain a thabhairt ar 1 178 ndoiciméad (11.6 %).





Ag eascairt as iarratais dearbhúcháin, tugadh rochtain iomlán ar 59 ndoiciméad agus rochtain pháirteach ar 54 dhoiciméad. Dhaingnigh an Chomhairle gur cheart rochtain ar 97 ndoiciméad a dhiúltú.



**Eisceachtaí a úsáideadh chun rochtain a dhiúltú**

Ag an gcéim thosaigh, diúltaíodh rochtain ar dhoiciméid go príomha chun próiseas cinnteoireachta na Comhairle a chosaint (223 huaire, 20.9 %), chun leas an phobail a chosaint maidir le caidreamh idirnáisiúnta (181 uair, 17 %) agus ar chúiseanna maidir leis an tslándáil phoiblí (87 n-uaire, 8.2 %).


In 49.3 % de chásanna (525 huaire), diúltaíodh doiciméid bunaithe ar mheascán eisceachtaí éagsúla. Sna cásanna sin, diúltaíodh rochtain den chuid is mó chun leas an phobail a chosaint maidir le caidreamh idirnáisiúnta, beartas airgeadais, airgeadaíochta nó eacnamaíoch an Chomhphobail nó Ballstát chomh maith le próiseas cinnteoireachta na Comhairle (84 huaire, nó 16 %). In 84 chás (i.e, in 16 % de chásanna) cuireadh i bhfeidhm meascán de leas a phobail a chosaint maidir le beartas airgeadais, airgeadaíochta agus eacnamaíoch an Chomhphobail nó Ballstát mar aon le cosaint leasanna tráchtála duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil. Cuireadh i bhfeidhm meascán de chaidrimh idirnáisiúnta agus próiseas cinnteoireachta na Comhairle a chosaint 57 n-uaire, nó in 10.8 % de chásanna inar cuireadh roinnt eisceachtaí i bhfeidhm.




I mbreis agus an ceathrú cuid de na cásanna, tugadh rochtain pháirteach bunaithe ar mheascán de roinnt eisceachtaí.


Ba iad na heisceachtaí ba mhinice a úsáideadh chun údar a thabhairt le rochtain pháirteach amháin a thabhairt ná sonraí pearsanta a chosaint agus an próiseas cinnteoireachta a chosaint (32.4 % agus 13.7 % faoi seach).

Ag an gcéim dhearbhúcháin, diúltaíodh doiciméid den chuid is mó (52.6 %) nó níor scaoileadh ach go páirteach iad (61.1 %) mar gheall ar mheascán d’eisceachtaí. Diúltaíodh freisin ina hiomláine rochtain ar dhoiciméid chun leas an phobail a chosaint maidir le caidreamh idirnáisiúnta (34 %) agus chun an próiseas cinnteoireachta a chosaint (13.4 %).






Chaith Ardrúnaíocht na Comhairle 17 lá oibre ar an meán chun iarrataí tosaigh a phróiseáil agus 33 lá oibre chun iarratais dearbhúcháin a phróiseáil.



An sprioc-dháta de 15 lá oibre chun iarrataí tosaigh a phróiseáil, cuireadh síneadh leis maidir le 623 iarraidh, i.e. in 29.9 % de chásanna. Cuireadh síneadh leis an sprioc-dháta i gcás 43 as 44 iarratas dearbhúcháin.

Tugtar sonraí breise sna táblaí san iarscríbhinn maidir le hiarrataí ar rochtain ar dhoiciméid.

## V. GEARÁIN A TAISCEADH LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH, FIOSRÚCHAÍN FÉINTIONSCNAIMH, TIONSCNAIMH STRAITÉISEACHA AG AN OMBUDSMAN EORPACH AGUS IMEACHTAÍ DLÍ I RÉIMSE NA TRÉDHEARCACHTA/ROCHTAIN AR DHOICIMÉID AGUS IARRATAÍ AR FHAISNÉIS

### 1. Gearáin a taisceadh leis an Ombudsman Eorpach

In 2021, tugadh fógra don Chomhairle faoi cheithre ghearán a seoladh chuig an Ombudsman Eorpach tar éis iarraidh a thaisceadh leis an gComhairle maidir le rochtain ar dhoiciméid, gearán amháin tar éis iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid a seoladh chuig an gComhairle Eorpach, dhá ghearán tar éis iarraidh ar fhaisnéis a seoladh chuig an gComhairle agus gearán amháin tar éis iarraidh ar fhaisnéis a seoladh chuig an gComhairle Eorpach. Tá cur síos mionsonraithe ar na hiarrataí thíos.

***Gearán 360/2021/TE*** [7]

Baineann an cás seo le gearán ó shaoránach a seoladh chuig an Ombudsman Eorpach tar éis don Chomhairle rochtain iomlán phoiblí a thabhairt ar dhoiciméid a bhaineann le **caibidlíochtaí tríthaobhacha ar dhréacht-reachtaíocht maidir le hastaíochtaí ó fheithiclí**. Níor thug an Chomhairle rochtain ach ar chodanna de na doiciméid a shainaithin sí mar chinn a tháinig faoin iarraidh, agus ar na codanna sin amháin, agus d’áitigh sí go bhféadfaí an bonn a bhaint den phróiseas leanúnach cinnteoireachta dá nochtfaí na codanna eile.

D’admhaigh an tOmbudsman go bhféadfaí an bonn a bhaint ar bhealach tromchúiseach de sheasamh caibidlíochta na Comhairle dá scaoilfí codanna áirithe de na doiciméid agus an chaibidlíocht ar siúl. Dá réir sin, bhí údar leis an gceilt sa chomhthéacs sin. Bhí sí den tuairim, áfach, gur cheart na codanna atá i gceist de na doiciméid a nochtadh a luaithe a thiocfaí ar chomhréitigh maidir leis na saincheisteanna sin sna caibidlíochtaí tríthaobhacha.

[7] 8127/21 agus 8127/21 ADD 1

Ina cinneadh deiridh[8], chinn an tOmbudsman nach raibh drochriarachán ar bith ar thaobh na Comhairle agus rinne roinnt tuairimí suimiúla maidir le hinneachar an cheathrú colún sna doiciméid atá i gceist san fhiosrúchán seo i gcomparáid le hábhar an cheathrú colún sna doiciméid atá i gceist i gcásdlí *De Capitani* (Cás T-540/15, *Emilio De Capitani v Parlaimint na hEorpa*). Tá inneachar an cheathrú colún sna doiciméid atá i gceist san fhiosrúchán seo éagsúil le hinneachar an cheathrú colún i gcás De Capitani: sa chás sin, roinneadh na doiciméid lena mbaineann idir na comhreachtóirí (ina bhfuil, sa cheathrú colún, an téacs comhréitigh sealadach a bhí comhaontaithe idir na hinstitiúidí), rud nárbh amhlaidh sa chás seo.

***Gearán 717/2021/DL***[9]

Baineann an cás seo le gearán ó shaoránach i gcoinne chinneadh na Comhairle an 9 Aibreán 2021 maidir le diúltú rochtana ar 5591/21, ina bhfuil tuairim ón tseirbhís dlí maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile. Scaoileadh i bpáirt an doiciméad; diúltaíodh rochtain ar na codanna nár nochtadh ar bhonn an tríú fleasc d'Airteagal 4(1)(a) (leas an phobail a chosaint maidir leis an gcaidreamh idirnáisiúnta), an dara fleasc d'Airteagal 4(2) (comhairle dlí a chosaint) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) (an próiseas cinnteoireachta a chosaint) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar inneachar an doiciméid, d'eisigh an tOmbudsman togra le haghaidh réitigh inar mhol sí go ndeonódh an Chomhairle an rochtain is leithne agus is féidir ar 5591/21. Rinne an Chomhairle an t-ábhar a athscrúdú agus tháinig sí ar an gconclúid nárbh fhéidir tuilleadh rochtana a thabhairt ag an gcéim sin ós rud é go bhfuil bonn cirt fós le neamhnochtadh na tuairime dlíthiúla leis na heisceachtaí a d'agair an Chomhairle faoin tríú fleasc d'Airteagal 4(1)(a) (leas an phobail a chosaint maidir le caidreamh idirnáisiúnta) agus leis an dara fleasc d'Airteagal 4(2) (cosaint comhairle dlí). Thug an Chomhairle freagra ar an Ombudsman chuige sin an 15 Samhain 2021.

8 13728/21
9 8157/21 agus 8157/21 ADD 1

An 24 Feabhra 2022, mhol an tOmbudsman go ndeonódh an Chomhairle an rochtain is leithne is féidir ar 5591//21 agus d'iarr sí freisin ar an gComhairle tuairim mhionsonraithe a thabhairt di ar an ábhar sin faoin 24 Bealtaine 2022.

***Gearán 1485/2021/FR***[10]

Baineann an gearán seo le mainneachtain líomhainte na Comhairle freagra substainte a thabhairt ar chomhfhreagras an ghearánaigh an 25 Iúil 2021 maidir le 'brú siar neamhdhleathach' agus 'iompar mídhaonna' i gcoinne saorálaithe agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ó rialtas agus údaráis na Gréige in Moria ar oileán Lesbos. D'fhreagair an Chomhairle an 25 Iúil 2021 gur tugadh ábhar imní agus barúlacha an ghearánaigh faoi deara go cúramach ach níor thug sí aghaidh ar na hábhair imní a tharraing an gearánach anuas.

An 31 Lúnasa 2021, mhol an tOmbudsman go dtabharfadh an Chomhairle freagra ar an ngearánach maidir le substaint faoin 30 Meán Fómhair 2021. An 7 Meán Fómhair 2021, d'fhreagair an Chomhairle don ghearánach nach raibh sí in ann cabhrú leis san ábhar mar nach raibh aon dlínse dlí aici ar údaráis náisiúnta agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh sí aon teagmhas neamhdhleathach a líomhnaítear a tharla i mBallstát a imscrúdú ná a phionósú. Mhol an Chomhairle go rachadh an gearánach i dteagmháil le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha san Ostair agus chuir sí nasc ar fáil chuig suíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

An 9 Meán Fómhair 2021, dhún an tOmbudsman an comhad agus í den tuairim gur socraíodh an cás.

***Gearáin 1488/2021/TM***[11]

Bhain an gearán seo le mainneachtain na Comhairle Eorpaí freagra a thabhairt ar chomhfhreagras an ghearánaigh a seoladh tríd an bpost maidir lena staid phearsanta agus maidir le hurraim do chearta bunúsacha sa tSlóivéin. Seoladh admháil go bhfuarthas a litir chláraithe – a phostáil sé an 29 Márta 2021 – trí ríomhphost an 23 Aibreán 2021.

Mar thoradh ar a ghearán chuig an OE, seoladh freagra chuig an iarratasóir an 30 Meán Fómhair 2021 inar ghabh an Ardrúnaíocht buíochas leis an saoránach as an tuarascáil maidir le cearta an duine a sheol sé.

**10** Ní bhaineann an gearán seo le hiarratas ar rochtain ar dhoiciméid ach ar fhaisnéis.
**11** Baineann an gearán seo le hiarratas ar fhaisnéis.

I mí na Samhna 2021, dhún an tOmbudsman an gearán leis an gconclúid gur socraíodh é.

***Gearán 1499/2021/TE***[12]

Baineann an cás seo le gearán ó shaoránach i gcoinne an chinnidh ón gComhairle an 30 Iúil 2021 lena ndiúltaítear rochtain iomlán phoiblí a dheonú ar 23 dhoiciméad a bhaineann leis an gcaibidlíocht maidir leis an dréacht**Ghníomh um Margaí Digiteacha**. Sna doiciméid ar diúltaíodh rochtain orthu ina n-iomláine nó i bpáirt, bhí na chéad réamhthuairimí ó thoscairí na mBallstát agus a n-iarrataí ar shoiléiriú maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Gníomh um Margaí Digiteacha.

Sa chinneadh daingniúcháin uaithi, d'áitigh an Chomhairle gur dréachtaíodh réamhthuairimí na mBallstát lena n-úsáid inmheánach i gcomhthéacs réamh-mhalartú tuairimí teicniúla sa Mheitheal um Iomaíocht. D'áitigh an Chomhairle gur comhad thar a bheith casta agus thar a bheith íogair a bhí sa togra maidir le Gníomh um Margaí Digiteacha agus go bhféadfadh brústocaireacht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a bheith mar thoradh ar nochtadh iomlán na ndoiciméad ag ardáin shistéamacha ar líne, lena n-áirítear tíortha nach bhfuil san Aontas. I bhfianaise an mhéid thuas, tháinig an Chomhairle ar an gconclúid gur dócha go mbainfeadh nochtadh na ndoiciméad sainaitheanta an bonn go mór den phróiseas cinnteoireachta leanúnach agus nach raibh aon leas sáraitheach poiblí ann maidir le nochtadh ag an gcéim sin.

An 2 Márta 2022, fuair Ardrúnaíocht na Comhairle moladh ón Ombudsman inar iarradh ar an gComhairle rochtain iomlán phoiblí a dheonú ar na doiciméid a iarradh agus tuairim mhionsonraithe a sheoladh roimh an 30 Bealtaine 2022.

***Gearán 1703/2021/AMF***[13]

Baineann an cás seo le gearán ó eagraíochtaí neamhrialtasacha i gcoinne an chinnidh ón gComhairle an 24 Eanáir 2021 lena ndiúltaítear rochtain iomlán phoiblí ar 10 gcinn as 51 doiciméad a bhaineann le caibidlíocht faoin togra maidir le Cáin ar Sheirbhísí Digiteacha (2018/0073(CNS)) agus le caibidlíocht na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta maidir le cáin den chineál céanna. Baineann na doiciméid ar diúltaíodh rochtain orthu le beartas airgeadais, airgeadaíochta nó eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh nó Ballstáit i gcomhthéacs na caibidlíochta idirnáisiúnta atá dírithe ar cháin a ghearradh ar sheirbhísí teicneolaíochta domhanda.

**12** 11475/21 agus 11475/21 ADD 1.
**13** 12499/21 agus 12499/21 ADD 1.

Sa chinneadh daingniúcháin uaithi, d'áitigh an Chomhairle go ndéanfadh nochtadh na ndoiciméad áirithe sin, contrártha le nochtadh thromlach na ndoiciméad a cuireadh ar fáil don phobal ar iarraidh ón iarratasóir, difear mór don seans go mbainfí amach toradh sásúil ar an gcaibidlíocht don Aontas Eorpach ar an leibhéal domhanda nó ar leibhéal an Aontais. Mhínigh an Chomhairle, go háirithe, cúinsí thar a bheith sonrach an cháis, ós rud é go raibh na doiciméid neamhnochta a bhaineann le saincheisteanna cánachais atá fós ar siúl nasctha ar dhá leibhéal ar leith (leibhéal an Aontais agus an leibhéal domhanda) agus ar ghá aontoilíocht a bheith leo agus ar an taidhleoireacht is infheidhme. Thairis sin, d'áitigh an Chomhairle gur ghá leas an phobail maidir le beartas airgeadais, airgeadaíochta nó eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh nó Ballstáit, mar aon le caidreamh idirnáisiúnta, a chosaint i gcomhthéacs an togra maidir le Cáin ar Sheirbhísí Digiteacha agus i gcomhthéacs chaibidlíocht ECFE maidir le cáin den chineál céanna. Ar deireadh, tháinig an Chomhairle ar an gconclúid gur dócha go mbainfeadh nochtadh na ndoiciméad sainaitheanta an bonn go mór den phróiseas leanúnach cinnteoireachta agus nach raibh aon leas sáraitheach poiblí ann maidir le nochtadh ag an gcéim sin.

An 16 Feabhra 2022, sheol an tOmbudsman iarraidh ar fhaisnéis bhreise ar an ábhar chuig an gComhairle.

***Gearán 1947/2021/ABZ***[14]

Bhain an gearán seo le mainneachtain na Comhairle freagra a thabhairt ar iarraidh an ghearánaigh an 23 Deireadh Fómhair 2021 a bhain le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/1002 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis.

Thuairiscigh an gearánach, a bhfuil an t-ainm agus an sloinne céanna air mar dhuine de na daoine lena mbaineann na bearta sriantacha a bunaíodh sa chinneadh thuasluaite, fadhbanna tromchúiseacha i bhfeidhmiú a chearta sa Liotuáin.

Seoladh freagra ar theachtaireacht an ghearánaigh an 26 Samhain 2021 inar léirigh Ardrúnaíocht na Comhairle gur faoi inniúlacht na mBallstát atá sé bearta sriantacha an Aontais a chur chun feidhme agus iarradh ar an saoránach teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis náisiúnta nó, mar mhalairt air sin, leis an gCoimisiún Eorpach. I mí na Nollag 2021, dhún an tOmbudsman an gearán leis an gconclúid gur socraíodh é.

[14] Baineann an gearán seo le hiarratas ar fhaisnéis.

***Gearán 2008/2021/MIG***

Rinneadh an gearán seo i gcoinne mhainneachtain na Comhairle Eorpaí doiciméid a shainaithint ar lorg an gearánach rochtain orthu. Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh faoina bráid, chinn an tOmbudsman nach raibh aon fhianaise ann chun aon drochriarachán sa Chomhairle Eorpach a léiriú. D'áitigh sí nach mbaineann an ceart chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid ach le doiciméid atá i seilbh institiúide. Thairis sin, rinne sí tagairt do chásdlí an Aontais, agus dá réir sin, nuair a deir institiúid nach bhfuil doiciméid a iarradh faoi Rialachán 1049/2001 ina seilbh aici, ní mór a thoimhdiú gur fíor sin, mura rud é go gcuireann an t-iarratasóir fianaise ar aghaidh lena dtugtar an méid sin faoi cheist gan amhras. Níor aimsíodh gur léirigh na hargóintí a chuir an gearánach chun cinn go raibh na doiciméid a iarradh i seilbh na Chomhairle Eorpaí. Mheas an tOmbudsman dá bhrí sin go raibh an dearbhú ón gComhairle Eorpach nach raibh aon cháipéisí ábhartha inchreidte aici agus dhún sí an cás.

## 2. FIOSRÚCHÁN FÉINTIONSCNAIMH AN OMBUDSMAN EORPAIGH

Luaitear Fiosrúchán Féintionscnaimh OI/4/2020 TE maidir le trédhearcacht chinnteoireacht na Comhairle le linn ghéarchéim COVID-19 fós sa tuarascáil seo mar go raibh roinnt forbairtí ann in 2021.

***Fiosrúchán Féintionscnaimh OI/4/2020 TE maidir le trédhearcacht chinnteoireacht na Comhairle le linn ghéarchéim COVID-19***

Trí litir dar dáta an 27 Iúil 2020, sheol an tOmbudsman Eorpach fiosrúchán féintionscnaimh ar thrédhearcacht chinnteoireacht na Comhairle le linn ghéarchéim COVID-19.
Ina litir d'iarr sí go ndéanfaí iniúchadh ar dhoiciméad dar teideal 'Bearta eisceachtúla maidir le leanúint leis an gcinnteoireacht sa Chomhairle', gach doiciméad a bhaineann le dhá chomhad reachtacha shonraithe agus trí cinn eile a roghnódh an Chomhairle, agus gach doiciméad a bhaineann le feidhmiú trí mheitheal na Comhairle.

Rinneadh an chigireacht an 13 Samhain 2020 agus fuarthas an tuarascáil chigireachta an 13 Eanáir 2021.

An 24 Márta 2021, tharchuir an tOmbudsman Eorpach cinneadh uaithi[15] chuig an gComhairle maidir leis an bhfiosrúchán seo inar aithin sí go raibh iarrachtaí suntasacha déanta ag an gComhairle chun leanúnachas institiúideach cinnteoireachta na Comhairle a áirithiú sna himthosca eisceachtúla arb í paindéim COVID-19 is cúis leo, lena n-áirítear, a mhéid agus is féidir, leibhéil iomchuí trédhearcachta dá bhforáiltear faoi ghnáthchúinsí. Ina theannta sin, rinne sí roinnt moltaí feabhais.

Thug an Chomhairle freagra[16] ar an Ombudsman Eorpach an 30 Meitheamh 2021 maidir lena moltaí feabhais. Sheol an tOmbudsman Eorpach litir leantach[17] chuig an gComhairle maidir leis an saincheist sin an 16 Iúil 2021.

## 3. Tionscnaimh straitéiseacha an Ombudsman Eorpaigh

***Tionscnamh straitéiseach SI/4/2021/TE***

An 30 Meitheamh 2021, sheol an tOmbudsman Eorpach litir chuig an gComhairle agus chuig institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais maidir leis an gcaoi a ndéanann an Chomhairle teachtaireachtaí téacs agus meandracha arna seoladh/bhfáil ag baill foirne ina gcáil ghairmiúil a thaifeadadh, le ceistneoir maidir leis na rialacha is infheidhme agus le cur chun feidhme na rialacha sin. Thug an Chomhairle freagra ar na ceisteanna a d’ardaigh an tOmbudsman Eorpach an 15 Samhain 2021 ag meabhrú di an beartas maidir le bainistiú doiciméad agus comhad atá i bhfeidhm in Ardrúnaíocht na Comhairle agus chuir sí na doiciméid ábhartha chuig an Ombudsman.

***Tionscnamh straitéiseach SI/7/2021/DL***

An 27 Deireadh Fómhair 2021, sheol an tOmbudsman Eorpach litir chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus litir chomhchosúil chuig Ardrúnaí na Comhairle agus treoir ghearr do riarachán an Aontais maidir le beartais agus cleachtais chun éifeacht a thabhairt don cheart chun rochtain phoiblí ar dhoiciméid i gceangal leis an litir. An 24 Samhain 2021, seoladh litir freagartha chuig an Ombudsman Eorpach thar ceann an dá institiúid inar cuireadh in iúl di go raibh bearta cur chun feidhme i bhfeidhm cheana féin in Ardrúnaíocht na Comhairle maidir leis na pointí a ardaíodh sa treoir uaithi.

15 7314/21
16 8935/2/21 REV 2
17 11040/21

### 4. Cásanna cúirte

In 2021, bhí ceithre chás cúirte ar feitheamh os comhair chúirteanna an Aontais: cás achomhairc amháin os comhair na Cúirte Breithiúnais agus trí chás os comhair na Cúirte Ginearálta ina ndéantar agóid i gcoinne dlíthiúlacht cinnidh ón gComhairle lena ndiúltaítear rochtain phoiblí a dheonú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

I gcás C-408/21 P *an Chomhairle v L. Pech*, rinne an Chomhairle achomharc i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Aibreán 2021 i gcás T-252/19 i ndáil leis an gcinneadh rochtain phoiblí iomlán a thabhairt ar thuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle (13593/18 INIT). Tá an chéim scríofa den nós imeachta seo fós ar siúl.

I gcás T-163/21 *de Capitani v an Chomhairle*, tá an t-iarrthóir ag iarraidh go ndéanfaí an cinneadh ón gComhairle rochtain a dhiúltú ar roinnt doiciméad a bhaineann le nós imeachta reachtach (WK 5230/2017, WK 10931/17, WK 12197/2017, WK 12197/2017 REV1, WK 14969/17, WK 14969/17 REV 1 agus WK 6662/18) a neamhniú. Tá an chéim scríofa den nós imeachta dúnta agus tá an cinneadh maidir le cé acu an mbeidh nó nach mbeidh céim ó bhéal ar feitheamh.

I gcás T-682/21 *ClientEarth v an Chomhairle*, tá an t-iarrthóir ag iarraidh go ndéanfaí an cinneadh ón gComhairle rochtain a dhiúltú ar thuairim ón tSeirbhís Dlí a eisíodh i gcomhthéacs nós imeachta reachtach maidir le leasú ar Rialachán Aarhus (8721/21) a neamhniú. Tá an chéim scríofa den nós imeachta seo fós ar siúl.

I gcás T-683/21 *Leino-Sandberg v an Chomhairle*, tá an t-iarrthóir ag iarraidh go ndéanfaí an cinneadh ón gComhairle rochtain a dhiúltú ar thuairim ón tSeirbhís Dlí a eisíodh i gcomhthéacs nós imeachta reachtach maidir le leasú ar Rialachán Aarhus (8721/21) a neamhniú. Tá an chéim scríofa den nós imeachta seo fós ar siúl.

## VI. FOILSIÚ DOICIMÉAD DE BHUN AIRTEAGAL 11(6) D'IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LE RIALACHA NÓS IMEACHTA NA COMHAIRLE

Chuir Ardrúnaíocht na Comhairle 1 857 ndoiciméad ullmhúcháin a bhaineann le 76 ghníomh reachtach a glacadh in 2021 ar fáil go poiblí.

## VII. TORTHAÍ VÓTÁLA

In 2021, d'ullmhaigh Ardrúnaíocht na Comhairle torthaí vótála do na gníomhartha reachtacha uile a ghlac an Chomhairle le linn na bliana (i.e. 114); tá na torthaí vótála sin ar fáil go díreach ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

## VIII. IARRATAÍ AR FHAISNÉIS


Anuas ar na hiarrataí ar rochtain ar dhoiciméid, faigheann Ardrúnaíocht na Comhairle iarrataí ar fhaisnéis. Cuirtear na hiarrataí sin isteach ar bhealaí éagsúla: go leictreonach (trí shuíomh gréasáin na Comhairle), trí ríomhphoist agus trí litreacha. Tá an tSeirbhís um Fhaisnéis don Phobal freagrach as freagra a thabhairt ar na hiarrataí sin ar fhaisnéis.

In 2021, d'fhreagair Ardrúnaíocht na Comhairle 7 038 n-iarraidh ar fhaisnéis. Seo a leanas na freagraí a seoladh:

– 6 439 ríomhphost (áirítear san fhigiúr seo iarrataí a fuarthas go leictreonach agus trí ríomhphost)

– 599 litir

San iomlán, seoladh 1 991 de na hiarrataí sin chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí (PEC).



Bhain na hiarrataí a fuair an Ardrúnaíocht le hábhair beartais an Aontais agus le hábhair éagsúla eile.

In 2021, ba iad seo a leanas na príomhréimsí ar bhain na hiarrataí sin leo:

– Fadhbanna pearsanta/barúlacha ginearálta: 18 %

– Iarrataí a bhaineann le COVID: 13 %

– Caidreamh seachtrach: 11 %

– Ardrúnaíocht na Comhairle: 9 %


– Inniúlacht náisiúnta: 6 %

– Institiúidí eile an Aontais: 6 %

– Ceartas agus Gnóthaí Baile: 4 %

– Doiciméid: 4 %

– Ábhair eile (e.g. comhshaol, fostaíocht, etc.): 29 %




Áirítear leis an gceannteideal 'COVID' cineálacha éagsúla iarrataí a bhaineann le paindéim COVID. Baineann siad le hábhar amhail Deimhniú Digiteach COVID an Aontais agus bearta taistil agus sláinte atá i bhfeidhm san Aontas. Scríobh saoránaigh teachtaireachtaí níos ginearálta freisin maidir le saincheisteanna amhail dianghlasála náisiúnta agus feachtais vacsaínithe.

Faoi 'Ardrúnaíocht na Comhairle', fuair an Ardrúnaíocht iarrataí maidir leis an méid seo a leanas:
– iarrataí ar thacaíocht airgeadais ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí
– iarrataí ar ghrianghraif sínithe d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí
– faisnéis maidir le gairmeacha/tréimhsí oiliúna
– sonraí teagmhála oifigeach.

Ina theannta sin, faigheann Ardrúnaíocht na Comhairle líon suntasach ríomhphost agus litreach atá dothuigthe nó ar turscar iad, nó, i gcás litreacha, nach bhfuil seoladh teagmhála iontu. In 2021, ba é 177 líon iomlán na litreacha sin.

## IX. FREASTAL ÓCÁIDEACH TRÍÚ PÁIRTITHE, LENA N-ÁIRÍTEAR IONADAITHE LEASMHARA, AR CHRUINNITHE DEN CHOMHAIRLE NÓ DÁ COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN

Foráiltear le pointe iv de na treoirlínte ón Ardrúnaí an 22 Iúil 2021 maidir leis an ábhar thuasluaite go n-áirítear sa tuarascáil bhliantúil ón gComhairle i ndáil le rochtain ar dhoiciméid faisnéis ábhartha faoi fhreastal ionadaithe leasmhara ar chruinnithe den Chomhairle nó dá comhlachtaí ullmhúcháin.

In 2021, cuireadh 36 iarraidh chun freastal thríú páirtithe chuig Coreper 1 agus cuireadh 106 iarraidh chuig Coreper 2. Cuireadh freagra dearfach chuig gach ceann acu.

**IARSCRÍBHINN**

**1. Líon na n-iarrataí tosaigh de bhun Rialachán Uimh. 1049/2001**

| 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| 2 597 | 2 474 | 2 567 | 2 321 | 2 083 |

**2. Líon na ndoiciméad a iarradh sna hiarrataí tosaigh**

| 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| 8 000 | 7 930 | 8 222 | 13 382 | 10 189 |

**3. Doiciméid a d'eisigh Ardrúnaíocht na Comhairle ag an gcéim thosaigh**

<table>
<tr><th colspan="2">2017</th><th colspan="2">2018</th><th colspan="2">2019</th><th colspan="2">2020</th><th colspan="2">2021</th></tr>
<tr><td colspan="2">6 144</td><td colspan="2">6 141</td><td colspan="2">6 615</td><td colspan="2">11 796</td><td colspan="2">9 011</td></tr>
<tr><td>páirteach<br>678</td><td>iomlán<br>5 466</td><td>páirteach<br>413</td><td>iomlán<br>5 728</td><td>páirteach<br>470</td><td>iomlán<br>6 145</td><td>páirteach<br>542</td><td>iomlán<br>11 254</td><td>páirteach<br>519</td><td>iomlán<br>8 492</td></tr>
</table>

**4. Líon na n-iarratas dearbhúcháin**

| 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| 31 | 29 | 40 | 26 | 44 |

**5. Líon na ndoiciméad arna mbreithniú in aghaidh an iarratais dearbhúcháin**

| 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| 135 | 64 | 166 | 118 | 210 |

**6. Doiciméid a d'eisigh an Chomhairle ag an gcéim dhearbhúcháin**

<table>
<tr><th colspan="2">2017</th><th colspan="2">2018</th><th colspan="2">2019</th><th colspan="2">2020</th><th colspan="2">2021</th></tr>
<tr><td colspan="2">51</td><td colspan="2">50</td><td colspan="2">111</td><td colspan="2">66</td><td colspan="2">113</td></tr>
<tr><td>páirteach<br>26</td><td>iomlán<br>25</td><td>páirteach<br>9</td><td>iomlán<br>41</td><td>páirteach<br>50</td><td>iomlán<br>61</td><td>páirteach<br>31</td><td>iomlán<br>35</td><td>páirteach<br>54</td><td>iomlán<br>59</td></tr>
</table>

7. **Ráta na ndoiciméad a scaoileadh le linn an nós imeachta ar fad (scaoileadh iomlán / scaoileadh iomlán + páirteach)**

| 2017 | | 2018 | | 2019 | | 2020 | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 69.1 % | 78 % | 74.3 % | 79.8 % | 79.7 % | 86.4 % | 84.4 % | 88.6 % | 83.9 % | 89.5 % |

8. **Próifíl ghairmiúil na n-iarratasóirí (iarratais tosaigh)**

| | | 2017 | | 2018 | | 2019 | | 2020 | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An tSochaí Shibhialta/ an Earnáil Phríobháideach | Comhairleoirí | 8.3 % | 25.4 % | 9.1 % | 27 % | 8.2 % | 23.5 % | 7.3 % | 20.5 % | 6,9% | 20,9 % |
| | Brúghrúpaí comhshaoil | 0.2 % | | 0.1 % | | 0.4 % | | 0.2 % | | 0,2% | |
| | Grúpaí leasmhara eile | 4.7 % | | 4.3 % | | 3.4 % | | 3 % | | 3,3% | |
| | Earnáil tionsclaíochta / na tráchtála | 7.8 % | | 7.8 % | | 5 % | | 4.7 % | | 5,2% | |
| | Eagraíochtaí neamhrialtasacha | 4.4 % | | 5.7 % | | 6.5 % | | 5.3 % | | 5,3% | |
| Iriseoirí | | 5.7 % | | 6.4 % | | 6.6 % | | 5% | | 6.8 % | |
| Dlíodóirí | | 8.2 % | | 6.9 % | | 5.1 % | | 4.7 % | | 4,3% | |
| An lucht acadúil | | 32.9 % | | 28.8 % | | 34.8 % | | 39 % | | 33,3% | |
| Údaráis phoiblí (institiúidí nach institiúidí de chuid an Aontais iad, ionadaithe tríú tír, etc.) | | 4.2 % | | 3.4 % | | 4.4 % | | 2 % | | 3,2% | |
| Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus cúntóirí | | 0.6 % | | 1.5 % | | 0.5 % | | 1.3 % | | 0,4% | |
| Eile | | 13.5 % | | 13.9 % | | 13.3 % | | 15 % | | 14,1% | |
| Neamhdhearbhaithe | | 9.5 % | | 12.1 % | | 11.8 % | | 12.5 % | | 17% | |

## 9. Próifíl ghairmiúil na n-iarratasóirí (iarratais dearbhúcháin)

<table>
<tr><th colspan="2"></th><th colspan="2">2017</th><th colspan="2">2018</th><th colspan="2">2019</th><th colspan="2">2020</th><th colspan="2">2021</th></tr>
<tr><td rowspan="5">An tSochaí Shibhialta/ an Earnáil Phríobháideach</td><td>Comhairleoirí</td><td>0 %</td><td rowspan="5">7.8 %</td><td>0 %</td><td rowspan="5">12 %</td><td>6.5 %</td><td rowspan="5">25.8 %</td><td>4 %</td><td rowspan="5">8 %</td><td>0%</td><td rowspan="5">6,2%</td></tr>
<tr><td>Brúghrúpaí comhshaoil</td><td>0 %</td><td>0 %</td><td>3.2 %</td><td>0 %</td><td>0%</td></tr>
<tr><td>Grúpaí leasmhara eile</td><td>3.9 %</td><td>4 %</td><td>6.4 %</td><td>4 %</td><td>0%</td></tr>
<tr><td>Earnáil tionsclaíochta / na tráchtála</td><td>0 %</td><td>4 %</td><td>0 %</td><td>0 %</td><td>3,1%</td></tr>
<tr><td>Eagraíochtaí neamhrialtasacha</td><td>3.9 %</td><td>4 %</td><td>9.7 %</td><td>0 %</td><td>3,1%</td></tr>
<tr><td colspan="2">Iriseoirí</td><td colspan="2">3.8 %</td><td colspan="2">16 %</td><td colspan="2">12.9 %</td><td colspan="2">8 %</td><td colspan="2">18,7%</td></tr>
<tr><td colspan="2">Dlíodóirí</td><td colspan="2">19.2 %</td><td colspan="2">8 %</td><td colspan="2">0 %</td><td colspan="2">16 %</td><td colspan="2">9,4%</td></tr>
<tr><td colspan="2">An lucht acadúil</td><td colspan="2">26.9 %</td><td colspan="2">32 %</td><td colspan="2">38.7 %</td><td colspan="2">32 %</td><td colspan="2">25 %</td></tr>
<tr><td colspan="2">Údaráis phoiblí (institiúidí nach institiúidí de chuid an Aontais iad, ionadaithe tríú tír, etc.)</td><td colspan="2">0 %</td><td colspan="2">0 %</td><td colspan="2">0 %</td><td colspan="2">4 %</td><td colspan="2">0%</td></tr>
<tr><td colspan="2">Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus cúntóirí</td><td colspan="2">0 %</td><td colspan="2">4 %</td><td colspan="2">0 %</td><td colspan="2">8 %</td><td colspan="2">0%</td></tr>
<tr><td colspan="2">Eile</td><td colspan="2">7.7 %</td><td colspan="2">4 %</td><td colspan="2">3.2 %</td><td colspan="2">12 %</td><td colspan="2">9,4%</td></tr>
<tr><td colspan="2">Neamhdhearbhaithe</td><td colspan="2">34.6 %</td><td colspan="2">24 %</td><td colspan="2">19.4 %</td><td colspan="2">12 %</td><td colspan="2">31,3%</td></tr>
</table>

## 10. Dáileadh geografach na n-iarratasóirí (iarratais tosaigh)

| Tír | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Bheilg | 26,2% | 28,1% | 27,9% | 24,7% | 28.1 % |
| An Bhulgáir | 0,2% | 0,2% | 0,1% | 0,5% | 0.1 % |
| An Chróit | 0,9% | 0,3% | 0,2% | 0,2% | 0.2 % |
| Poblacht na Seice | 1% | 0,7% | 0,9% | 0,5% | 0.7 % |
| An Danmhairg | 1,3% | 1,3% | 1% | 0,9% | 1.5 % |
| An Ghearmáin | 13,1% | 13% | 13,6% | 11,5% | 12.4 % |
| An Eastóin | 0,2% | 0% | 0,1% | 0,1% | 0.2 % |
| An Ghréig | 0,9% | 0,8% | 0,6% | 1,2% | 0.9 % |
| An Spáinn | 4,7% | 4,9% | 4,8% | 4,2% | 4.9 % |
| An Fhrainc | 7,2% | 6,3% | 7,5% | 6,5% | 7 % |
| Éire | 1% | 0,6% | 0,7% | 10,4% | 1 % |
| An Iodáil | 5,5% | 5% | 4,3% | 5,9% | 5.6 % |
| An Chipir | 0,1% | 0% | 0,1% | 0,2% | 0.3 % |
| An Laitvia | 0,3% | 0,1% | 0% | 0,1% | 0.1 % |
| An Liotuáin | 0,4% | 0,2% | 0% | 0% | 0 % |
| Lucsamburg | 1,1% | 0,7% | 2% | 0,8% | 0.8 % |
| An Ungáir | 0,6% | 0,5% | 0,5% | 0,4% | 0.1 % |
| Málta | 0,2% | 0% | 0% | 0% | 0.3 % |
| An Ísiltír | 6,1% | 6,6% | 5,4% | 3,5% | 5.6 % |
| An Ostair | 1,3% | 1,5% | 1,9% | 1,2% | 1.3 % |
| An Pholainn | 1,2% | 1,3% | 0,8% | 1,2% | 1.8 % |
| An Phortaingéil | 0,9% | 1% | 0,9% | 0,8% | 0.8 % |
| An Rómáin | 0,2% | 0,2% | 1% | 0,5% | 0.5 % |
| An tSlóivéin | 0% | 0,2% | 0,2% | 0,2% | 0.2 % |
| An tSlóvaic | 0,6% | 0,3% | 0,2% | 0,5% | 0.6 % |
| An Fhionlainn | 0,5% | 0,9% | 0,9% | 1,3% | 1.2 % |
| An tSualainn | 1% | 1,2% | 0,5% | 1% | 1 % |
| An Ríocht Aontaithe | 7,8% | 6,9% | 6,4% | 4,6% | 4.4 % |
| Tríú tíortha | 5,3% | 5.5% | 6.5% | 4.9 % | 5.5 % |
| Neamhdhearbhaithe | 10.2 % | 11.7 % | 11% | 12,2% | 12.9 % |

**11. Dáileadh geografach na n-iarratasóirí (iarratais dearbhúcháin)**

| Tír | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Bheilg | 19,2% | 36% | 16,1% | 36% | 31.3 % |
| An Bhulgáir | 0% | 0% | 0% | 4% | 0 % |
| An Chróit | 0% | 0% | 0% | 0% | 0 % |
| Poblacht na Seice | 0% | 0% | 0% | 0% | 3.1 % |
| An Danmhairg | 0% | 4% | 0% | 0% | 0 % |
| An Ghearmáin | 15,4% | 8% | 22,6% | 4% | 3.2 % |
| An Eastóin | 0% | 0% | 0% | 0% | 0 % |
| An Ghréig | 0% | 4% | 0% | 0% | 3.1 % |
| An Spáinn | 0% | 8% | 6,4% | 0% | 3.1 % |
| An Fhrainc | 3,9% | 4% | 6,4% | 0% | 3.1 % |
| Éire | 0% | 0% | 0% | 4% | 0 % |
| An Iodáil | 0% | 4% | 6,5% | 8% | 3.1 % |
| An Chipir | 0% | 0% | 0% | 0% | 0 % |
| An Laitvia | 0% | 0% | 0% | 0% | 0 % |
| An Liotuáin | 0% | 0% | 0% | 0% | 0 % |
| Lucsamburg | 0% | 0% | 3,2% | 0% | 0 % |
| An Ungáir | 0% | 4% | 0% | 0% | 0 % |
| Málta | 0% | 0% | 0% | 0% | 0 % |
| An Ísiltír | 11,5% | 0% | 6,5% | 16% | 12.5 % |
| An Ostair | 0% | 0% | 3,2% | 0% | 3.1 % |
| An Pholainn | 0% | 0% | 0% | 0% | 0 % |
| An Phortaingéil | 0% | 0% | 0% | 4% | 3.1 % |
| An Rómáin | 0% | 0% | 0% | 0% | 0 % |
| An tSlóivéin | 0% | 0% | 0% | 0% | 0 % |
| An tSlóvaic | 0% | 0% | 0% | 0% | 0 % |
| An Fhionlainn | 3,9% | 4% | 3,2% | 4% | 9.4 % |
| An tSualainn | 0% | 4% | 0% | 0% | 0 % |
| An Ríocht Aontaithe | 15,4% | 4% | 9,7% | 8% | 3.1 % |
| Tríú tíortha | 3.8 % | 0 % | 6.5 % | 8% | 0 % |
| Neamhdhearbhaithe | 26.9 % | 16 % | 9.7 % | 4% | 18.8 % |

## 12. Réimse beartais na ndoiciméad a iarradh

| Beartas | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, Iascach | 4,9% | 6,1% | 4,6% | 4,3% | 7.8 % |
| An Margadh Inmheánach | 6,4% | 4,7% | 2,2% | 0,6% | 1.6 % |
| Taighde | 0,2% | 1,4% | 1,3% | 1,9% | 2 % |
| Cultúr | 0,9% | 0,7% | 0,3% | 0,3% | 0.5 % |
| An tOideachas / an Óige | 0,8% | 1,3% | 1,3% | 1,7% | 1.2 % |
| Iomaíochas | 1,7% | 0,9% | 1.8 % | 1,4% | 3 % |
| Fuinneamh | 3,8% | 3,1% | 1,7% | 1,6% | 1.6 % |
| Iompar | 4,2% | 4,3% | 5,4% | 4,8% | 2.8 % |
| An Comhshaol | 13,7% | 8,6% | 5,2% | 6,2% | 4.9 % |
| Sláinte agus Cosaint Tomhaltóirí | 2,8% | 2% | 1,6% | 2,1% | 2.4 % |
| Beartas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta | 9,4% | 8,3% | 10,1% | 16,7% | 14.8 % |
| Ceisteanna Cánach – Saincheisteanna Fioscacha | 5,7% | 6,1% | 5,6% | 4,4% | 3.8 % |
| An Caidreamh seachtrach – CBES | 10,2% | 14,1% | 15,2% | 13,1% | 12.1 % |
| Cosaint Shibhialta | 0,5% | 0,1% | 0,2% | 0,1% | 0.1 % |
| Méadú | 0,5% | 0,5% | 1,1% | 0,6% | 0.5 % |
| Cúrsaí Cosanta agus Míleata | 1,1% | 1,4% | 1,7% | 1,2% | 1.1 % |
| Cúnamh don Fhorbairt | 0,2% | 0% | 0,1% | 0% | 0 % |
| Beartas Sóisialta | 4,1% | 2,5% | 3,5% | 2% | 2.6 % |
| Ceartas agus Gnóthaí Baile | 15,9% | 20% | 17,9% | 20,4% | 17.8 % |
| Ceisteanna Dlí | 3,4% | 4,6% | 3,7% | 2,7% | 4.3 % |
| Feidhmiú na nInstitiúidí | 2,8% | 3,6% | 3% | 1,4% | 2.5 % |
| Maoiniú an Aontais (Buiséad, Reacht) | 0% | 0,2% | 0,3% | 0,3% | 0.3 % |
| Trédhearcacht | 0,7% | 0,5% | 0,7% | 0,7% | 0.7 % |
| Ceisteanna Beartais Ghinearálta | 1,2% | 1,1% | 4,6% | 6,7% | 4.3 % |
| Ceisteanna Parlaiminteacha | 0,7% | 0,4% | 0,8% | 0,2% | 0.1 % |
| Teileachumarsáid | | | | | 3 % |
| Nithe éagsúla | 1.77 % | 1.94 % | 2.6 % | 2.6 % | 2 % |
| Brexit | 2.42 % | 1.56 % | 3.5 % | 2 % | 1.9 % |

### 13. Eisceachtaí a úsáideadh chun rochtain a dhiúltú (an chéim thosaigh)

| Eisceachtaí dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 1049/2001 | 2017 | | 2018 | | 2019 | | 2020 | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | # | % | # | % | # | % | # | % | # | % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an tslándáil phoiblí | 51 | 3% | 69 | 4,5% | 51 | 4,5% | 72 | 4,8% | 87 | 8.2 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le cúrsaí cosanta agus míleata | 39 | 2,3% | 38 | 2,5% | 16 | 1,4% | 11 | 0,7% | 4 | 0.4 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta | 269 | 15,8% | 467 | 30,6% | 300 | 26,6% | 233 | 15,5% | 181 | 17 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le beartas airgeadais, airgeadaíochta agus eacnamaíoch an Chomhphobail nó Ballstát | 4 | 0,3% | 15 | 1% | 15 | 1,3% | 6 | 0,4% | 0 | 0 % |
| Cosaint na príobháideachta agus d'ionracas na ndaoine aonair (cosaint sonraí pearsanta) | 2 | 0,1% | 1 | 0,1% | 3 | 0,3% | 5 | 0,3% | 10 | 0.9 % |
| Cosaint leasanna tráchtála duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil | 0 | 0% | 0 | 0% | 5 | 0,4% | 0 | 0% | 27 | 2.5 % |
| Cosaint imeachtaí cúirte agus comhairle dlí | 12 | 0,7% | 11 | 0,7% | 10 | 0,9% | 9 | 0,6% | 9 | 0.8 % |
| Cosaint chuspóir na gcigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí | 0 | 0% | 0 | 0% | 3 | 0,3% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint phróiseas cinnteoireachta na hInstitiúide | 545 | 32% | 489 | 32% | 215 | 19,1% | 343 | 22,8% | 223 | 20.9 % |
| Roinnt cúiseanna le chéile | 780 | 45,8% | 436 | 28,6% | 509 | 45,2% | 827 | 54,9% | 525 | 49.3 % |

## 14. Eisceachtaí a úsáideadh chun rochtain a dhiúltú (iarratais dearbhúcháin)

| **Eisceachtaí dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 1049/2001** | **2017** | | **2018** | | **2019** | | **2020** | | **2021** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | # | % | # | % | # | % | # | % | # | % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an tslándáil phoiblí | 1 | 1,2% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le cúrsaí cosanta agus míleata | 4 | 4,8% | 3 | 21,5% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta | 2 | 2,4% | 3 | 21,4% | 19 | 34,5% | 3 | 5,8% | 33 | 34 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le beartas airgeadais, airgeadaíochta agus eacnamaíoch an Chomhphobail nó Ballstát | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint na príobháideachta agus d'ionracas na ndaoine aonair (cosaint sonraí pearsanta) | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint leasanna tráchtála duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint imeachtaí cúirte agus comhairle dlí | 0 | 0% | 0 | 0% | 2 | 3,6% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint chuspóir na gcigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint phróiseas cinnteoireachta na hInstitiúide | 5 | 5,9% | 3 | 21,4% | 3 | 5,5% | 12 | 23,1% | 13 | 13.4 % |
| Roinnt cúiseanna le chéile nó cúiseanna eile | 72 | 85,7% | 5 | 35,7% | 31 | 56,4% | 37 | 71,1% | 51 | 52.6 % |

## 15. Eisceachtaí a úsáideadh chun bonn cirt a thabhairt do rochtain pháirteach a dheonú (céim thosaigh)

| Eisceachtaí dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 1049/2001 | 2017 | | 2018 | | 2019 | | 2020 | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | # | % | # | % | # | % | # | % | # | % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an tslándáil phoiblí | 71 | 10,5% | 46 | 11,1% | 24 | 5,1% | 28 | 5,2% | 24 | 4.6 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le cúrsaí cosanta agus míleata | 2 | 0,3% | 5 | 1,2% | 3 | 0,7% | 2 | 0,4% | 5 | 1 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta | 44 | 6,5% | 83 | 20,1% | 109 | 23,2% | 156 | 28,8% | 65 | 12.5 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le beartas airgeadais, airgeadaíochta agus eacnamaíoch an Chomhphobail nó Ballstát | 3 | 0,4% | 0 | 0% | 7 | 1,5% | 3 | 0,5% | 1 | 0.2 % |
| Cosaint na príobháideachta agus d'ionracas na ndaoine aonair (cosaint sonraí pearsanta) | 114 | 16,8% | 67 | 16,2% | 65 | 13,8% | 141 | 26% | 168 | 32.4 % |
| Cosaint leasanna tráchtála duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil | 0 | 0% | 0 | 0% | 8 | 1,7% | 1 | 0,2% | 3 | 0.6 % |
| Cosaint imeachtaí cúirte agus comhairle dlí | 17 | 2,5% | 13 | 3,2% | 24 | 5,1% | 19 | 3,5% | 38 | 7.3 % |
| Cosaint chuspóir na gcigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí | 1 | 0,1% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint phróiseas cinnteoireachta na hInstitiúide | 326 | 48,1% | 117 | 28,3% | 97 | 20,6% | 55 | 10,1% | 71 | 13.7 % |
| Roinnt cúiseanna le chéile nó cúiseanna eile | 100 | 14,8% | 82 | 19,9% | 133 | 28,3% | 137 | 25,3% | 144 | 27.7 % |

### 16. Eisceachtaí a úsáideadh chun bonn cirt a thabhairt do rochtain pháirteach a dheonú (céim dhearbhúcháin)

| Eisceachtaí dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 1049/2001 | 2017 | | 2018 | | 2019 | | 2020 | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | # | % | # | % | # | % | # | % | # | % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an tslándáil phoiblí | 0 | 0% | 0 | 0% | 1 | 2% | 0 | 0% | 1 | 1.8 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le cúrsaí cosanta agus míleata | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta | 2 | 7,7% | 0 | 0% | 8 | 16% | 0 | 0% | 4 | 7.4 % |
| Cosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann le beartas airgeadais, airgeadaíochta agus eacnamaíoch an Chomhphobail nó Ballstát | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint na príobháideachta agus d'ionracas na ndaoine aonair (cosaint sonraí pearsanta) | 1 | 3,9% | 1 | 11,1% | 0 | 0% | 6 | 19,4% | 5 | 9.3 % |
| Cosaint leasanna tráchtála duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil | 0 | 0% | 0 | 0% | 2 | 4% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint imeachtaí cúirte agus comhairle dlí | 1 | 3,8% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 4 | 7.4 % |
| Cosaint chuspóir na gcigireachtaí, imscrúduithe agus iniúchtaí | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0 % |
| Cosaint phróiseas cinnteoireachta na hInstitiúide | 3 | 11,5% | 2 | 22,2% | 5 | 10% | 0 | 0% | 7 | 13 % |
| Roinnt cúiseanna le chéile nó cúiseanna eile | 19 | 73,1% | 6 | 66,7% | 34 | 68% | 25 | 80,6% | 33 | 61.1 % |

**17. Líon na ndoiciméad (an bunleagan teanga) dá dtagraítear sa chlár poiblí faoin 31 Nollaig gach bliain féilire (agus líon na ndoiciméad poiblí)**

| 2017 | | 2018 | | 2019 | | 2020 | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 377 610 | 264 730 (70 %) | 399 949 | 281 412 (70 %) | 420 763 | 297 670 (70.7 %) | 440 148 | 313 253 (71.1 %) | 460 907 | 330 434 (71.7 %) |

**18. Líon na ndoiciméad (an bunleagan teanga) a cuireadh leis an gclár poiblí in 2021**

| | Dhoiciméad poiblí tráth a gcúrsaíocht | LIMITE | LIMITE a cuireadh ar fáil don phobal arna iarraidh sin | Ar fáil go páirteach |
|---|---|---|---|---|
| Reachtach | 2 259 | 1 327 | 839 | 89 |
| Neamhreachtach | 11 276 | 9 224 | 3 559 | 254 |

**19. Meánlíon na laethanta oibre chun freagra a thabhairt ar iarraidh thosaigh ar rochtain ar dhoiciméid agus ar iarratas dearbhúcháin**

| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| Maidir leis na hiarratais tosaigh[18] | 16 (2 597 n-iarraidh) | 17 (2 474 iarraidh) | 17 (2 567 n-iarraidh) | 17 (2 321 iarraidh) | 17 (2 083 iarraidh) |
| Maidir leis na hiarratais dearbhúcháin[19] | 40 (31 iarratas dearbhúcháin) | 36 (29 n-iarratas dearbhúcháin) | 37 (40 iarratas dearbhúcháin) | 34 (26 iarratas dearbhúcháin) | 33 (44 iarratas dearbhúcháin) |
| Meán ualaithe (tosaigh + dearbhúcháin) | 16.25 | 17.22 | 17.31 | 17,19 | 17.34 |

[18] Áirítear sna figiúirí sin na hiarratais tosaigh a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus 'na hiarratais 6(3)', mar a thugtar orthu.

[19] Scrúdaíonn Meitheal na Comhairle um Fhaisnéis agus Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) na hiarratais dearbhúcháin. Glacann an Chomhairle freagraí ar na hiarratasóirí.

**20. Líon na n-iarratas ar cuireadh síneadh leo - Airteagail 7(3) agus 8(2)**

| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarratais tosaigh | 744 as 2 597<br>28.6 % | 892 as 2 474<br>36.1 % | 809 as 2 567<br>31.5 % | 776 of 2 321<br>33,4% | 623 as 2083<br>29.9 % |
| Iarratais dearbhúcháin | 31 (as 31) | 26[20] (as 29) | 40 | 26 [of 26] | 43 [as 44] |

[20] Rinneadh 3 iarratas dearbhúcháin a tharraing siar.